

Preaseisiúint FRA

Vín, 8 Meitheamh 2022

Ceartha sóisialta a chothú: ríthábhachtach i dtéarnamh an AE ó Covid-19

Bhí an phaindéim ina cúis le tacaíocht airgeadais níos mó ná riamh ón AE chun tionchar sóisialta Covid-19 a chomhrac. Bhí rochtain laghdaithe ag go leor daoine san AE, daoine leochaileacha go háirithe, ar chúram sláinte, ar chúram leanaí, ar oideachas agus ar an idirlíon. Is é an toradh atá air sin barraíocht básmhaireachta, bochtaineachta agus dífhostaíochta, agus eisiámh sóisialta iomarcach. Tugtar cuntas i dTuarascáil um Chearta Bunúsacha 2022 ó FRA ar thionchar leathan na paindéime ar chearta sóisialta. Moltar inti freisin conas aghaidh a thabhairt ar neamhionannais agus ar an mbaol ar chomhtháthú sochaíoch atá ag dul i méid.

"Léiríonn an fhreagairt ar phaindéim Covid-19 agus ar an gcogadh san Úcráin an chaoi a neartaítear an tAontas Eorpach agus géarchéimeanna roimhe," a deir Stiúrthóir FRA [Michael O'Flaherty](#). "D'fhéadfadh gníomhaíocht agus cistiú AE difríocht shuntasach a dhéanamh, agus tá an difríocht sin á déanamh, go háirithe nuair a bhaineann sí le hoibleagáidí dlíthiúla ábhartha agus le gealltanais pholaitiúla chun cearta sóisialta daoine a chosaint. Ní thacófar le rialtais maidir le téarnamh ón bpaindéim a áirithiú a chomhlíonann cearta ach trí fhaireachán éifeachtach a dhéanamh ar úsáid chistí. Tacóidh sé sin leo freisin bearta cistithe a choigeartú chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar leochaileacht shóisialta daoine, go háirithe i gcás na ndaoine sin is mó atá thíos leis – mar atá leanaí agus daoine óga."

Sa [Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2022](#) ó FRA déantar machnamh ar na forbairtí agus ar na heasnaimh ar chosaint chearta an duine le bliain anuas. Déantar athbhreithniú sa [chaibidil fócais](#) ar thionchar na paindéime ar chearta sóisialta daoine, amhail oideachas, fostaíocht agus cúram sláinte. Féachtar inti ar eispéiris leanaí, daoine óga, daoine aosta, daoine faoi mhíchumas, agus daoine eile atá leochaileach. Féachtar inti freisin ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag tíortha AE úsáid a bhaint as na EUR 724 billiún de mhaoiniú AE atá curtha ar leataobh chun téarnamh ón bpaindéim le cearta sóisialta a chothú.

Amach anseo, ba cheart do rialtais ról a thabhairt do chomhlachtaí náisiúnta um chearta an duine nó um chomhionannas chun monatóireacht a dhéanamh lena áirithiú go gcomhlíonann bearta téarnaimh a fhaigheann maoiniú ón AE cearta bunúsacha. Ba chóir do na comhlachtaí sin iarracht a dhéanamh na nithe seo a leanas go háirithe a chur i gcrích:

- cearta sóisialta na ndaoine is mó atá thíos leis an bpaindéim a chomhlíonadh;
- measúnú agus coigeartú a dhéanamh, más gá, ar bhearta a fhaigheann maoiniú ón AE chun a áirithiú go n-urramaíonn siad cearta sóisialta agus go gcothaíonn siad na cearta sin;
- a áirithiú nach bhfuil úsáid chistí téarnaimh an AE ag teacht salach ar Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ná ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (CRPD).

Ar na príomh-shaincheisteanna eile maidir le cearta bunúsacha in 2021 tá:

- **Ceartha leanaí** – lean an phaindéim le tionchar a imirt ar fholláine agus ar oideachas leanaí. Is iomaí leanaí a d'fhulaing, go háirithe iad siúd ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, rud a d'fhág go raibh siad i mbaol níos mó ón mbochtaineacht agus ón eisiámh. Ba iad an chéad [Straitéis um Chearta Leanaí de chuid an AE riamh in éineacht leis an Rátháíocht Eorpach do Leanaí](#) garspriocanna suntasacha chun dlús a chur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh maidir le cearta gach linbh a chur chun cinn agus a chosaint. Ba cheart do thíortha AE a áirithiú go mbainfear amach lena bpleananna gníomhaíochta náisiúnta spriocanna na straitéise agus na Rátháíochta.
- **Imirce** – leanadh le dúshláin teorainneacha a bhaineann le cearta bunúsacha. Bhí imircigh thíos leis an bhforéigean nó tugadh an bóthar dóibh ag teorainneacha talún AE agus cailleadh breis agus 2,000 imirceach ar muir. Ba cheart do thíortha AE faireachán éifeachtach neamhspleách a dhéanamh ar theorainneacha chun mí-úsáidí ar chearta a chomhrac. Tháinig

méadú ar líon na leanaí atá ag lorg tearmainn, lena n-áirítear leanaí neamhthionlactha, rud a fhágann gur gá do riaracháin náisiúnta aird ar leith a thabhairt ar an scéal.

- **Ciníochas** – chuir an phaindéim leis an idirdhealú, leis an gcoireacht fuatha agus go háirithe leis an bhfuathchaint ar líne dírithe ar imircigh agus ar mhionlaigh eitneacha. Ag tógáil ar [Phlean Gníomhaíochta Frithchiníochais an Aontais](#) in 2020, ghlac an chuid is mó de thíortha AE le pleananna gníomhaíochta náisiúnta chun dul i ngleic leis an gciníochas agus leis an idirdhealú eitneach, nó tá na pleananna sin á bhforbairt acu. Chun dlús a chur lena gcuid iarrachtaí, ba cheart do thíortha AE pionós a ghearradh ar dhéantóirí na coireachta fuatha, tuairisciú a spreagadh agus tacaíocht níos fearr a thabhairt d'íospartaigh. Áirítear leis sin freisin cur i gcrích pleananna gníomhaíochta agus straitéisí trí fhaireachán eolach.

Tugtar achoimre agus anailís sa tuarascáil ar mhórfhorbairtí i réimse chearta an duine san AE in 2021. Sa tuarascáil tá [moltaí le haghaidh gníomhartha](#), a chuimsíonn Cairt an AE um Chearta Bunúsacha agus úsáid na cairte sin ag Ballstáit; comhionannas agus neamh-idirdhealú; ciníochas agus éadulaingt ghaolmhar; imeascadh agus comhionannas na Romach; tearmann, teorainneacha agus imirce; an tsocháí faisnéise, príobháideacht agus cosaint sonraí; cearta leanaí; rochtain ar cheartas; agus cur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil le do thoil le: media@fra.europa.eu /

Teil.: +43 1 580 30 653